



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

census
2011
RESULTS
www.cso.ie

Preas Ráiteas **Press Statement**

Torthaí Daonáirimh 2011 **Próifíl 8 Ár mBille Sláinte – Sláinte, Míchumas agus Cúramóirí in Éirinn**

Scaoil an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán is déanaí inniu ina sraith torthaí ó Dhaonáireamh 2011, ag léiriú go raibh líon iomlán 595,335 duine, arbh ionann sin agus 13.0 faoin gcéad den daonra, faoi mhíchumas i mí Aibreáin 2011. Astu sin, bhí 289,728 (48.7%) fireann agus bhí 305,607 (51.3%) baineann.

Léiríonn foilseachán an lae inniu, “*Próifíl 8 Ár mBille Sláinte – Sláinte, Míchumas agus Cúramóirí in Éirinn*” [*Profile 8 Our Bill of Health – Health, Disability and Carers in Ireland*], próifíl de chuid sláinte an daonra Éireannaigh, ag díriú go mionsonrach ar mhíchumas agus ar chúramóirí a sholáthraíonn cúnamh neamhíoctha.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Soláthraíonn an tuarascáil seo breis anailíse ar roinnt téamaí tábhachtacha sna torthaí ó Dhaonáireamh 2011. Ar dtús déanann sí anailís ar mhíchumas, ag breathnú go mionsonrach ar na daoine faoi mhíchumas ó thaobh stádas teaghlaigh, socruithe maireachtála, oideachas, obair agus na cineálacha éagsúla míchumas a chuireann isteach ar dhaoine. Ar an dara téama sa tuarascáil seo tá sláinte ghinearálta an daonra a dhéanann anailíse ar fhreagraí ar cheist ar sláinte ghinearálta ag breathnú go mionsonrach ar ghnéithe ar leith cosúil le haicme sóisialta, míchumas agus stádas pósta. Tugann an tuarascáil próifíl freisin ar chúramóirí in Éirinn – iad siúd a sholáthraíonn cúnamh neamhíoctha do chara nó do bhall teaghlaigh le breoiteacht fadtéarmach, fadhb sláinte nó atá faoi mhíchumas, agus áirítear ann don chéad uair torthaí nua ar leanaí a ghníomhaíonn mar chúramóirí.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census mar aon leis na sonraí uile atá ar fáil i raon táblaí gréasáin idirghníomhacha, a cheadaíonn d’úsáideoirí a dtáblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailíse féin.

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “Soláthraíonn an tuarascáil seo forbhreathnú ar shláinte mhuintir na hÉireann in 2011, go háirithe iad siúd ag fulaingt faoi mhíchumas, agus na daoine a thugann aire do bhaill teaghlaigh agus do chairde i ndrochriocht sláinte nó faoi mhíchumas. Cuimsíonn an tuarascáil a thuilleadh anailíse agus torthaí fós ó Dhaonáireamh 2011 i ndáil leis na téamaí tábhachtacha seo lena n-áirítear faisnéis thábhachtach ar sláinte ghinearálta an daonra a cuireadh don chéad uair i ndaonáireamh Éireannach in 2011. Tá a thuilleadh sonraí ar na torthaí seo, agus ar shonraí daonáirimh uile, ó leibhéal an chontae síos chomh fada le leibhéal na mbailte, na dtoghanna agus na gCeantar Beag, ar fáil ar an leathanach daonáirimh de shuíomh gréasáin an CSO.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NL)



+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@csso.ie
www.cso.ie

Buaicphointí na tuarascála

Míchumas

San iomlán bhí líon iomlán 595,335 duine, arbh ionann sin agus 13.0 faoin gcéad den daonra, faoi mhíchumas i mí Aibreáin 2011. Astu seo, bhí 289,728 (48.7%) fireann agus bhí 305,607 (51.3%) baineann.

Cathracha ar bharr na dtáblaí míchumais

Bhí an ráta míchumais is airde i gcathair Luimnigh le 18.2 faoin gcéad de dhaoine faoi mhíchumas, á leanúint ag cathracha Chorcaí (17.7%), Phort Láirge (15.3%) agus Bhaile Átha Cliath (14.9%). Bhí cathair na Gaillimhe ar an t-aon chathair mhór le teagmhas míchumais faoi bhun an meán, le 11.9 faoin gcéad.

Fuarthas na rátaí is ísle míchumais i bhFine Gall (10.2%), sa Mhí (10.7%) agus i gCill Dara (11.6%).

Daoine scothaosta faoi mhíchumas, ag maireachtáil leo féin

San iomlán bhí 56,087 duine faoi mhíchumas d'aois 65 agus os cionn ag maireachtáil ina aonar. Bhí tionchar ag riocht a chuir teorainn le gníomhaíochtaí fisiciúla bunúsacha ar 35,960 duine sa ghrúpa sin, arbh mhná iad 25,000 nó 69.6 faoin gcéad díobh. Bhí líon suntasach san aoisghrúpa seo a d'fhulaing freisin le pian, tinnis anáilaithe nó tinnis ainsealacha eile (25,123 duine), a raibh deacracht acu dul lasmuigh den teaghlach leo féin (22,989) agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochta eile (21,844).

Leibhéal níos ísle oideachais do dhaoine faoi mhíchumas

I measc daoine faoi mhíchumas d'aois 15 go 49, ní raibh oideachas os cionn leibhéal bunscoile comhlíonta ag 16.3 faoin gcéad i gcomparáid de 5.1 den daonra i gcoitinne, le hoideachas meánscoile ar an leibhéal is airde a chomhlíon 22.3 faoin gcéad de dhaoine faoi mhíchumas i comparáid le 15.1 de dhaoine nach raibh faoi mhíchumas.

Ag oibriú le míchumas

Bhí 162,681 duine faoi mhíchumas sa lucht saothair ag tabhairt ráta rannpháirtíochta sa lucht saothair de chuid 30 faoin gcéad, i gcomparáid le 61.9 faoin gcéad don daonra trí chéile.

As an líon iomlán 542,277 duine d'aois 15 agus os cionn faoi mhíchumas, bhí 112,502 nó 20.7 faoin gcéad i mbun oibre. Cuirtear é seo i gcomparáid le 50.1 faoin gcéad den daonra trí chéile d'aois 15 agus os cionn.

Ag maireachtáil i mbunaíochtaí pobalda

San iomlán bhí 44,952 duine faoi mhíchumas (18,875 fir agus 26,077 mná) liostaithe i mbunaíochtaí pobalda i mí Aibreáin 2011, arbh ionann sin agus 7.6 faoin gcéad de líon iomlán na ndaoine faoi mhíchumas.

Cineál Míchumais

Ar an míchumas foriomlán ba choitianta bhí deacracht le pian, anáilú nó tinneas nó riocht ainsealach eile á mbrath ag 46.2 faoin gcéad de líon iomlán na ndaoine faoi mhíchumas; á leanúint seo bhí deacracht le gníomhaíochtaí fisiciúla bunúsacha, i gcás 41.1 faoin gcéad. Ba mhór a bhain an dá mhíchumas úd le haois.

Ag breathnú ar ceachtar cineál míchumais, bhí líon iomlán 51,718 duine nó 1.1 faoin gcéad den daonra dall nó le míchumas ó thaobh amhairc orthu, le níos mó fir i ngach aois suas chuig aoisghrúpa 70-74. San iomlán bhí 92,060 duine (2%) bodhar nó le míchumas ó thaobh éisteachta orthu agus bhí deacracht ag 244,739 duine (5.3%) le gníomhaíochtaí fisiciúla bunúsacha.

San iomlán d'fhulaing 57,709 duine, (1.3%) le míchumas intleachta, leis an teagmhas is airde i measc inscne fireann d'aois 10-14 le nach mór 4,000 duine, (os cionn dúbailt ar líon na mban ag 1,900) faoi thionchar san aoisghrúpa seo. Bhí deacracht le foghlaim, cuimhneamh nó díriú intinn ag 137,070 duine nó 3 faoin gcéad den daonra.

Léirigh Daonáireamh 2011 go raibh 96,004 duine, (2.1%) buailte le riocht síceolaíochta nó mothúchánach le 274,762 duine, (6%) a raibh míchumas orthu i ndáil le pian, anáilú nó tinneas nó riocht ainsealach eile.

Sláinte

Tugadh isteach ceist nua ar shláinte ghinearálta don chéad uair i nDaonáireamh 2011 agus iarradh ar fhreagróirí a gcuid sláinte ghinearálta a rangú i gceann amháin de chúig chatagóir ó raon an-mhaith go dtí an-olc. Soláthraíonn sláinte féin-bhraithe tomhas bailíochtais agus úsáidte go forleathan ar shláinte iarbhrí, in ainneoin an nádúir suibiachtúil.

Léiríonn na torthaí go soiléir an meathlú sa sláinte ghinearálta le haois, le 87 faoin gcéad dóibh siúd d'aois 10-14 bliana ag brath a gcuid sláinte mar an-mhaith, rud a bhí tite go 60 faoin gcéad faoi aois 40-44 agus 30 faoin gcéad oi aois 65-69.

Sláinte níos fearr sna bruachbhailte

Bhí an tsláinte foriomlán is fearr ag daoine ag maireachtáil i mbruachbhailte na gcúig phríomhchathair le 92.1 faoin gcéad den daonra bruachbhailteach le sláinte mhaith nó an-mhaith acu i gcomparáid le 88.4 faoin gcéad i gcathracha.

Bhí an sláinte is measa as na contaetha riaracháin uile acu siúd i gcathair Luimnigh le 2.6 faoin gcéad de na daoine ar fad le droch shláinte nó an-droch shláinte orthu, á leanúint ansin ag cathracha Chorcaí (2.2%), Bhaile Átha Cliath (2%) agus Phort Láirge (1.9%).

Pósadh sláintiúil

Bhí sláinte mhaith nó sláinte an-mhaith ag ochtó faoin gcéad d'fhir single sna caogaidí luatha, i gcomparáid le nócha faoin gcéad d'fhir pósta san aoisghrúpa céanna, difríocht deich bpointe. Cé gur léirigh mná pósta sláinte níos fearr ná a gcontrapháirteanna singile bhí an bearna níos lú, le 83.2 faoin gcéad de mhná singile ag léiriú sláinte mhaith nó an-mhaith i gcomparáid le 89.2 faoin gcéad de mhná pósta, difríocht níos lú de chuid sé phointe.

Saol clainne agus dea-shláinte

Bhí sláinte mhaithe nó an-mhaith ag cion an-ard (94.7%) díobh siúd faoi bhun na 50aidí ag maireachtáil i dteaghlaigh chlainne i gcomparáid le 86 faoin gcéad díobh siúd ag maireachtáil ina n-aonar; ina measc siúd os cionn na 50aidí, thuiriscigh 67.3 faoin gcéad de dhaoine ag maireachtáil leo féin sláinte mhaithe nó an-mhaith i gcomparáid 78.9 faoin gcéad díobh siúd i dteaghlaigh chlainne.

Tuilleadh/...

Cúramóirí

Léirigh an daonáireamh go raibh líon iomlán 187,112 duine nó 4.1 faoin gcéad den daonra iomlán ag soláthar cúnaimh neamhíoctha do dhaoine eile i mí Aibreáin 2011. As na cúramóirí seo, mná ba ea 114,113 (61%) agus fir ba ea 72,999 (39%). Léiríodh freisin go raibh 4,228 leanbh d'aois faoi bhun 15 bliana gafa i gcúram a sholáthar do dhaoine eile, arbh ionann sin agus 2.3 faoin gcéad de chúramóirí uile.

Sholáthair mná dhá-thrian den chúram

Sholáthair cúramóirí líon iomlán 6,287,510 uair a' chloig cúraim gach seachtain, ag tabhairt meánlíon 33.6 uair a' chloig cabhrach agus cúnaimh neamhíoctha an duine. Sholáthair mná nach mór dhá-thrian (66.1%) d'uaireanta cúraim uile.

Bhí 45-49 ar an mbuaic aois cúraim i measc na mban le níos mó ná 1 as gach 10 (11.2%) bean san aoisghrúpa sin ag soláthar cúraim neamhíoctha, arbh ionann sin agus 572,680 uair a' chloig gach seachtain. Sholáthair an daonra scothaosta (d'aois 70+) líon suntasach cúraim freisin, le nach mór 800,000 uair a' chloig (795,916) cúraim neamhíoctha á soláthar i mí Aibreáin 2011.

Cúramóirí Óga

Sholáthair leanaí d'aois 9 mbliana agus níos óige líon iomlán 13,738 uair a' chloig cúraim leis an aoisghrúpa níos sine d'aois 10 go 14 bliana ag soláthar 24,758 uair a' chloig cúraim. Bhí tromlach an chúraim seo á sholáthar acu siúd i mbun cúraim ar feadh níos lú ná 2 uair a' chloig sa ló.

Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census.

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Shaun McLaughlin ar (01) 895 1474.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: census@cso.ie

Idirlíon: www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

1 Samhain 2012

– CRÍOCH –